Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta

Tuarascáil na Stiúrthóirí agus Ráitis Airgeadais 2015

Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2016

CLÁR ÁBHAIR

	Leathanach
STIÚRTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE	2
RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH	3 - 4
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ	5 - 8
TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH	9 - 10
BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	11 - 16
CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS	17
RÁITEAS MAIDIR LE hIONCAM CUIMSITHEACH	18
CLÁR COMHARDAITHE	19
RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE AR CHOTHROMAS	20
RÁITEAS MAIDIR LE SREABHAIDH AIRGID	21
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	22 - 32

STIÚRTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE

An Bord Stiúrthóirí

M Dempsey
S Brady
J Harrington
J Tuite
S Boyle
K Horgan (a d'éirigh as an 30 Meitheamh 2016)
M Weld
D Walsh (a ceapadh an 31 Lúnasa 2016)

Aturnaetha

McCann Fitzgerald
Cé Sir John Rogerson
Dug na Canálach Móire
Baile Átha Cliath 2

Rúnaí agus Oifig Chláraithe

J McStay
An Tulaigh
Cill Dara.
Co. Chill Dara.

Baincéirí

Banc na hÉireann
Baile Chill Dara
Co. Chill Dara.

Uimhir Chláraithe 11451

Iniúchóirí

Pricewaterhouse Coopers
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
1 Duga Spencer
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Tuairiscíonn Graí Náisiúnta na hÉireann staid airgeadais níos fearr arís maidir le 2016. Bhí brabús €3.9m (2015:€2.5m) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas ag an gcomhlacht.

€10.6m an t-ioncam a bhí ag an gcomhlacht don bhliain i gcomparáid le €8.6m sa bhliain 2015, bhí méadú €1m ar ioncam ó Staileanna. Lean rannóg na turasóireachta ag feidhmiú go maith agus méadú 6.6% ar ioncam ó cheada isteach. San áireamh le figiúr na gcostas tá muirear dímheasa de €1m (2014 €0.7m).

RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

Thar ceann an bhoird, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Ní féidir le córas dá leithéid ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar in aghaidh earráidí ábharthacha agus tá an córas atá i bhfeidhm i gcomhréir le méid agus le nádúr an chomhlachta.

Ar na nósanna imeachta tábhachtacha atá curtha i bhfeidhm ag an mbord ar mhaithe le rialú airgeadais inmheánaigh éifeachtach a sholáthar áirítear iad seo a leanas:

- Struchtúr bainistíochta sainmhínithe a bhfuil a chuid dualgas deighilte go cuí ar fud na heagraíochta.
- Tá nósanna imeachta sainiúla soiléire i bhfeidhm chun ceannach, íocaíochtaí, admhálacha agus párolla a rialú.
- Tá beirt stiúrthóirí agus cathaoirleach seachtrach ar an gcoiste iniúchóireachta agus riosca; casann siad le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar rioscaí. Chomh maith leis sin faigheann siad tuarascálacha tréimhsiúla ó fheidhm Iniúchta Inmheánaigh sheachfhoinsithe.
- Pléitear rioscaí gnó tábhachtacha ag an mbord agus déantar cinntí bunaithe ar an gcomhairle ghairmiúil is fearr atá ar fáil. Athbhreithníonn an bord cuntas agus feidhmíocht bainistíochta in aghaidh an bhuiséid.
- Tá cóid iompair do stiúrthóirí agus d'fhostaithe i bhfeidhm agus tá siad foilsithe ar láithreán gréasáin an chomhlachta.

Rinne an bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais trí na céimeanna thuasluaite in 2016.

Sa bhliain reatha, lean an chuideachta ag cur i bhfeidhm ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá roinnt céimeanna glactha ag na Stiúrthóirí lena chinntiú go gcomhlíontar Cód Athbhreithnithe 2016 i Ráiteas Airgeadais 2017, lena n-áirítear comhairleoirí tríú páirtí a fhostú.

Athbhreithniú ar an mBliain

Léiríonn Torthaí 2016 gur tháinig feabhas arís i mbliana ar chúrsaí trádála. Bhí brabús €3.9m ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas ag an gcomhlacht, ardú ó €2.5m anuraidh.

Bhain an t-ardú seo in 2016 go mór le Invincible Spirit ar ardaigh a tháille go €120k an capall. Baineann an rath sin leis an lear mór atá sé a bhuachan go leanúnach ag an leibhéal is airde. Bhí 3 bhuaiteoir Grúpa 1 ann in 2016 , is iad sin "Profitable", "Signs of Blessings" agus "National Defence".

Bhí tacaíocht mhór ag an stail nua Free Eagle óna shindeacáit láidir agus €20k an táille a bhí airsean. Ba i mbliana a rith na chéad chapaill ó Dragon Pulse agus ba é an chéad stail nua é ar bhuach capall uaidh ag an leibhéal is airde nuair a bhuach "Legendary Lunch" na Woodcote Stakes in Epsom. Ach ní rabhthas ach ina thús agus bhuach capaill uaidh go rialta ina dhiaidh sin agus dá bharr bhí sé ar cheann de na staileanna chéad séasúir ab fhearr a rinne le 50% de na capaill uaidh ina mbuaiteoirí agus cúig chapall uaidh ar ardchaighdeán. Bhí an ceart dá réir mar sin a tháille a ardú go €8 in 2017.

Bhí Díolachán den scoth againn i Goffs i Meán Fómhair agus díoladh searrach bliana ar €1.7 million, chomh maith le deartháir iomlán de Cable Bay ó Invincible Spirit a díoladh ar €777k.

Thug 124,000 turasóir cuairt orainn, feabhas mór ar chúrsaí turasóireachta. Tá taithí nua cuairteora beartaithe a b'fhéidir a thosódh in 2017 faoi réir Ceadú Deontais.

Bhí bliain mhaith ag Seirbhísí Graí. Rugadh 263 searrach beo san aonad gnóthach searrach. Bliain mhaith tríd is tríd.

Níor éirigh linn teacht ar Stail nua do 2017. Ó tharla 19 stail nua ar fáil sa mhargadh in Éirinn, beidh margadh na staileanna níos iomaíche ná riamh in 2017.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

D'éirigh linn áfach naoi láir shíolraithe a cheannach agus tá tríocha hocht láir againn atá súil againn a chuirfidh le dá thorthaí díolacháin sna blianta atá romhainn.

Bhuaigh Aimhirgin Lass arís faoi bhratach an Uachtaráin i gCill Airne cé nár éirigh leis a bheith i láthair. Tabharfaidh sí cuairt ar Invincible Spirit in 2017.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH - ar lean

Athbhreithniú ar an mbliain - ar lean
Tá bromach againn ó Invincible Spirit, bromach a bheidh 2 bhliain in 2017 atá á traenáil ag Dermot Weld le cur ag rith i Rás Dhathanna an Uachtaráin i mbliana.

Bhí bua ag an gClub Rásaíochta freisin ar an gcúrsa i gCluain Meala agus b'iontach an sásamh a bhain an 39 ball as sin.

Déanann an fhoireann fíorobair i dtaobh an Eastáit sa Tullaigh a choinneáil pioctha, réitithe gach lá. Leagtar síos an caighdeán is airde aire do na capaill agus roinneann a gcuid eolais le mic léinn Idirnáisiúnta ar an gcúrsa iomráiteach Bainistíochta Graí. Gabhaimid buíochas leis an gcriú ar fad as an obair chrua agus a ndíograis.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed agus a réamhtheachta an tAire Simon Coveney faoin tsuim a léiríonn siad sa chuideachta. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le foireann na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus le foireann na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe as a dtacaíocht luachmhar. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mbainistíocht, leis an bhfoireann agus leis an bPríomhfheidhmeannach John Osborne as a gcuid iarrachtaí agus tiomantas a raibh feidhmíocht airgeadais láidir i mbliana mar thoradh air.

Mar atá cúrsaí faoi láthair, tá deireadh tagtha le conradh seacht mbliana John Osborne agus tá comórtas oscailte earcaíochta ar siúl chun teacht ar Phríomhfheidhmeannach nua. D'éirigh thar cion le John i ngach réimse de ghnó Ghraí Náisiúnta na hÉireann agus chuir ar stáitse idirnáisiúnta é. Táimidne agus Stát go mór faoi chomaoin aige agus guímid gach rath air cibé cá dtabharfaidh sé a aghaidh. Táimid cinnte go n-éireoidh thar cionn leis.

Matt Dempsey
Cathaoirleach

22 Márta 2017

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016.

Torthaí, Díbhinní agus Cúlchistí
Bhí brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas de €3,910,032 (2015: brabús €2,499,045). Ní mholann na stiúrthóirí go ndearbhófaí díbhinn (2015: €Nialas) nó aistriú chuig cúlchiste (2015: €Nil).

Príomhghníomhaíochtaí agus athbhreithniú ar an ngnó
Is é príomhghníomhaíocht an chomhlachta ná graífheirmeoireacht agus turasóireacht ghaolmhar. Déileáiltear le torthaí na ngníomhaíochtaí seo i ráiteas an chathaoirligh atá in éineacht leis an tuarascáil seo.

Gnóthas Leantach
Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh de réir mar a bhíonn an Bord sásta go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag Comhlacht Graí na hÉireann le coinneáil ag imeacht chomh fada agus is léir amach anseo.

Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí
Is é straitéis an chomhlachta staileanna d'ardchaighdeán a sheasamh agus capaill rásaíochta a bheidh ábalta dul san iomaíocht i rásaí d'ardghrád a phórú agus saoráid turasóireachta ar ardchaighdeán a chur i bhfeidhm.

Tá feidhmíocht an chomhlachta ag brath go mór ar shláinte na staileanna agus an tóir atá orthu agus go háirithe Invincible Spirit atá anois scór. Tá sé freisin ag brath ar an éileamh margaidh atá ar a chuid seirbhísí agus go leanfaidh an leibhéal reatha de thaisteal a bhaineann le turasóireacht idirnáisiúnta.

Is deacair rioscaí áirithe atá os comhair an chomhlachta a thomhas ach baineann siad go príomha le galair ainmhithe a chuirfeadh srian ar ghluaiseacht/thaisteal ainmhithe agus ar thurasóirí ag tabhairt cuairte ar áitreabh an chomhlachta.

Mar gheall ar nádúr an tionscail ina bhfuil an comhlacht ag feidhmiú is iad méid agus uainiú na n-ioncam sa todhchaí an neamhchinnteacht is mó ag an gcomhlacht fós.

Imeachtaí ó dheireadh na bliana airgeadais
Níor tharla aon imeachtaí ó thús na bliana airgeadais a raibh tionchar acu ar an gcomhlacht.

Forbairtí amach anseo
Níl aon phleananna móra forbartha ag an gcomhlacht amach anseo.

Tabhartais
Níor thug an comhlacht aon tabhartas polaitíochta le linn na bliana.

Taighde agus forbairt
Níor thabhaigh an comhlacht aon chaiteachas ar thaighde ná ar fhorbairt le linn na bliana.

Craobhacha
Níl aon chraobhacha coigríche ag an gcomhlacht.

Scairchaipiteal
Tá úinéireacht thairbhiúil an scairchaipitil eisithe go léir dílsithe don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ - ar lean

Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir reachtaíocht na hÉireann.

Ceanglaíonn dlí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an chomhlachta amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus ar chaillteanas an chomhlachta sa bhliain airgeadais. De réir an dlí sin a d'ullmhaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh go Ginearálta leis in Éirinn (caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus reachtaíocht na hÉireann) lena n-áirítear an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, "an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhfuil feidhm leis sa RA agus in Éirinn".

Ceanglaíonn dlí na hÉireann ar na stiúrthóirí gan na ráitis airgeadais a cheadú mura bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas fíorcheart ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an chomhlachta amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus ar chaillteanas an chomhlachta sa bhliain airgeadais sin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:-

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta;
- - breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a rá cibé ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme agus na caighdeáin atá i gceist a lua, faoi réir aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a nochtadh agus a mhíniú sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an comhlacht lena ghnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta a choinneáil atá leordhóthanach chun:

- idirbhearta an chomhlachta a thaifeadadh go cruinn agus a mhíniú;
- a léireoidh, ag aon am, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus caillteanas nó brabús an chomhlachta le cruinneas réasúnach agus
- cur ar chumas na stiúrthóirí a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag cloí le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus gur féidir iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais sin.

Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as sócmhainní an chomhlachta a chosaint agus as sin, asío céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach maidir le faisnéis airgeadais agus corparáideach a choinneáil agus maidir le caighdeán na faisnéise sin. D'fhéadfadh reachtaíocht na hÉireann i ndáil le ráitis airgeadais a ullmhú agus a scaipeadh a bheith éagsúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

Rialú airgeadais inmheánach

Thar ceann an bhoird, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Ní féidir le córas dá leithéid ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar in aghaidh earráidí ábharthacha agus tá an córas atá i bhfeidhm i gcomhréir le méid agus le nádúr an chomhlachta.

Ar na nósanna imeachta tábhachtacha atá curtha i bhfeidhm ag an mbord ar mhaithe le rialú airgeadais inmheánaigh éifeachtach a sholáthar áirítear iad seo a leanas:

- Struchtúr bainistíochta sainmhínithe a bhfuil a chuid dualgas deighilte go cuí ar fud na heagraíochta.
- Tá nósanna imeachta sainiúla soiléire i bhfeidhm chun ceannach, íocaíochtaí, admhálacha agus párolla a rialú.
- Tá beirt stiúrthóirí i measc an choiste iniúchta; buaileann siad le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais. Chomh maith leis sin faigheann siad tuarascálacha tréimhsiúla ó fheidhm Iniúchta Inmheánaigh sheachfhoinsithe.
- Pléitear rioscaí gnó tábhachtacha ag an mbord agus déantar cinntí bunaithe ar an gcomhairle ghairmiúil is fearr atá ar fáil. Athbhreithníonn an bord cuntas agus feidhmíocht bainistíochta in aghaidh an bhuiséid.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ - ar lean

- Tá cóid iompair do stiúrthóirí agus d'fhostaithe i bhfeidhm agus tá siad foilsithe ar láithreán gréasáin an chomhlachta.

Rinne an bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais trí na céimeanna thuasluaite in 2016.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ - ar lean

Stiúrthóirí
Tá na stiúrthóirí atá ann faoi láthair liostaithe ar leathanach 2.

Cinneann an tAire na táillí atá iníoctha le comhaltaí Boird. Tá táillí agus speansais chomhaltaí an Bhoird i rith 2016 leagtha amach thíos:

Comhalta boird	Táillí €
M Dempsey	12,600
S Brady	8,100
J Harrington	8,100
J Tuite	8,100
S Boyle	8,100
K Horgan	4,050
M Weld	8,100
D Walsh	2,700

Íocadh €1,004 ar fad le comhaltaí boird ar éilimh speansais mhíleáiste le linn na bliana.

Freastal ar chruinnithe
Tionóladh cúig chruinniú Boird i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2016. Bhí freastal chomhaltaí an Bhoird ag na cruinnithe sin mar atá leagtha amach thíos:

Comhalta boird	Incháilithe le freastal	Ar freastalaíodh orthu
M Dempsey	5	5
S Brady	5	5
J Harrington	5	3
J Tuite	5	5
S Boyle	5	5
K Horgan	3	0
M Weld	5	5
D Walsh	2	1

Tionóladh ceithre chruinniú Boird i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2016. Bhí freastal chomhaltaí an Bhoird ag na cruinnithe sin mar atá leagtha amach thíos:

Comhalta an choiste	Incháilithe le freastal	Ar freastalaíodh orthu
J Malone (cathaoirleach)	4	4
S Brady	4	3
S Boyle	4	4

Tá luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh ag teacht le “Treoirlínte ar Chonarthaí, Luach Saothair agus coinníollacha eile na bPríomhfheidhmeannach agus Bhainistíocht Shinsearach na gComhlachtaí Stáit Tráchtála” a eisíodh i Márta 2006 agus a bhfuil achoimre déanta air i Nóta 5 leis na ráitis airgeadais.

Taifid chuntasaíochta
Is iad na bearta a ghlac na stiúrthóirí chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le ceanglais alt 281-285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 i dtaobh oibleagáid an chomhlachta taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil ná úsáid a bhaint as córais agus as nósanna imeachta cuí agus daoine inniúla a fhostú. Coinnítear na taifid chuntasíochta sa Tulaigh, Co. Chill Dara.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ - ar lean

An tAcht um íoc pras cuntas, 1997
Áirítear an comhlacht mar cheannaitheoir liostaithe earraí agus seirbhísí i sceideal an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus atá faoi réimse freagrachtaí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall i gcás Bearta Tráchtála) 2002 a tháinig i bhfeidhm an 7ú Lúnasa 2002. Dé réir an Achta agus na dtreoirlínte arna eisiúint ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, soláthraítear an t-eolas seo a leanas:

Is é polasaí scríofa an chomhlachta ná a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Sa chás go bhfuil conradh scríofa ann íoctar sonraisc de réir téarmaí an chonartha. Cé go bhfuil nósanna imeachta leagtha amach le comhlíonadh de réir an Achta a chinntiú ní féidir leo ach deimhniú réasúnach agus ní deimhniú iomlán a thabhairt in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta. Níor íocadh aon ús i rith na bliana.

Faisnéise a nochtadh d'iniúchóirí
Tá na nithe seo a leanas deimhnithe ag na stiúrthóirí a bhí in oifig ar dháta na tuarascála seo:

- a mhéid is eol dósan/dise, níl aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta nach bhfuil curtha faoi bhráid iniúchóirí reachtúla an chomhlachta; agus
- tá gach céim ar cóir dó/di a ghlacadh mar stiúrthóir chun eolas a chur ar aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha agus chun a dheimhniú go bhfuil eolas ag na hiniúchóirí reachtúla ar an bhfaisnéis sin, glactha aige/aici

Iniúchóirí
De réir alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014 tá sé tugtha le fios ag na hiniúchóirí Pricewaterhouse Coopers go bhfuil siad sásta leanúint i mbun oifige agus molfar rún iad a athcheapadh ag an gCruinniú Cinn Bhliana.

Arna síniú thar ceann an Bhoird:

Matt Dempsey
Stiúrthóir

John Mc Stay
Rúnaí an Chomhlachta

Sean Brady
Stiúrthóir

22 Márta 2017

Tuarascáil na n-iniúchóirí neamhspleácha chuig comhaltaí Chomhlacht Graí Náisiúnta na h Éireann Teoranta

Tuarascáil ar ráitis airgeadais

Ár dTuairim

Is é ár dtuairim go dtugann ráitis airgeadais (na "ráitis airgeadais") Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta:

- léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an chomhlachta amhail an 31 Nollaig 2016 agus ar bharrachas agus ar shreabhadh airgid an chomhlachta don bhliain dar chríoch;
- go bhfuil siad ullmhaithe de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

A bhfuil iniúchadh déanta againn orthu

Tá na ráitis airgeadais, a áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil, comhdhéanta de:

- an Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2016;
- an Cuntas Brabúis agus Caillteanais agus an Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch;
- an Ráiteas maidir le hAthrú ar Chothromas don bhliain dar críoch;
- an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch;
- na beartais chuntasaíochta; agus
- na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais lena n-áirítear faisnéis mhíniúcháin eile.

An creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm in ullmhúchán na ráiteas airgeadais seo ná dlí na hÉireann agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn) lena n-áirítear FRS 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais a bhfuil feidhm leis sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn".

Ar an gcreat tuairiscithe a chur i bhfeidhm, rinne na stiúrthóirí roinnt breithiúnas suibiachtúil, i ndáil le meastacháin shuntasacha chuntasaíochta mar shampla. D'fhonn na meastacháin sin a dhéanamh, thángthas ar bhoinn tuisceana agus breithníodh imeachtaí amach anseo.

Nithe nach mór dúinn a thuairisciú de réir Acht na gCuideachtaí 2014

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta.
- Is é ár dtuairim go raibh taifid chuntasaíochta an chomhlachta leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Nithe nach mór dúinn a thuairisciú trí eisceacht

Luach saothair agus idirbhearta na Stiúrthóirí

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014 éilítear orainn a thuairisciú duit, más é ár dtuairim, nár nochtadh luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí mar a shonraítear in ailt 305 go 312 den Acht. Níl aon eisceachtaí le tuairisciú againn a eascraíonn ón bhfreagracht sin.

Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") éilítear orainn a thuairisciú duit mura dtugann an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a éilítear faoin gCód agus mar a áirítear i Ráiteas an Chathaoirligh ar leathanach 3 léiriú ar chomhlíontacht an chomhlachta le halt 13.1(iii) den Chód nó mura bhfuil sé ag teacht le faisnéis atá ar eolas againn ón obair iniúchta ar na ráitis airgeadais. Níl aon eisceachtaí le tuairisciú againn a eascraíonn ón bhfreagracht sin.

Freagrachtaí maidir leis na ráitis airgeadais agus an t-iniúchadh

Ár bhfreagrachtaí agus freagrachtaí na stiúrthóirí

Mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe sa Ráiteas faoi fhreagrachtaí na stiúrthóirí ar leathanach 6, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as léargas fíor agus cothrom a thabhairt.

Is í an fhreagracht atá orainn iniúchadh a dhéanamh agus tuairim a thabhairt ar na ráitis airgeadais de réir dhlí na hÉireann agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Éilíonn na caighdeáin sin orainn cloí le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchta.

Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear na tuairimí, do chomhaltaí an chomhlachta, agus dóibhsean amháin, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 agus ní d'aon chríoch eile. Ní thógaimid ná ní ghlacaimid le freagracht, agus sinn ag léiriú ár dtuairim, as aon chríocha eile ná as aon duine eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dóibh nó i cibé lámha a bhféadfadh sé dul seachas nuair a bhíonn sin comhaontaithe roimh ré i scríbhinn.

A mbíonn i gceist le hiniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais

Tugadh faoin iniúchadh de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An RA agus Éire). I rith iniúchta, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú a dhéanamh ar:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta ábhartha d'imthosca an chomhlachta, ar cuireadh i bhfeidhm go leanúnach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad;
- réasúnacht na meastachán suntasach cuntasaíochta déanta ag na stiúrthóirí; agus
- cur i láthair ginearálta na ráiteas airgeadas.

Dírímid inár gcuid oibre ar na réimsí sin trí bhreithiúnais na stiúirthóirí a mheas in aghaidh na fianaise atá ar fáil, teacht ar ár mbreithiúnais féin agus measúnú a dhéanamh ar nithe a nochtaítear sna ráitis airgeadais.

Déanaimid faisnéis a thástáil agus a scrúdú, ag baint leasa as sampláil agus teicnící iniúchóireachta eile a mhéid a shílimid is gá chun bonn réasúnach a chur ar fáil chun cur ar ár gcumas teacht ar chonclúidí. Tagaimid ar fhianaise iniúchóireachta trí éifeachtacht na rialuithe, na nósanna imeachta substainteacha nó an dá chuid a thástáil.

Déantar freisin an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad sa Tuarascáil Bhliantúil a léamh d'fhonn aon mhíréir ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a thabhairt chun suntais agus d'fhonn aon fhaisnéis is cosúil a bheith mícheart, bunaithe ar an eolas atá gnóthaithe againne le linn dúinn an iniúchóireacht a dhéanamh, nó ar neamhréir go hábhartha leis an eolas sin, a shonrú. Sa chás go dtugtar aon mhíráitis nó míréir ábhartha faoi deara, tugtar a mbeadh i gceist leis sin do thuairisc na n-iniúchóirí faoi mheas.

Paul Hennessy
Do PricewaterhouseCoopers agus thar a cheann
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Baile Átha Cliath
24 Márta 2017

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta ag déileáil le míreanna a meastar a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais:

Eolas Ginearálta
Is comhlacht é Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann, Teoranta arb í a phríomhghníomhaíocht graífheirmeoireacht agus turasóireacht ghaolmhar. Déileáiltear le torthaí na ngníomhaíochtaí seo i ráiteas an chathaoirligh atá in éineacht leis an tuarascáil seo. I dTulaigh, Co. Chill Dara atá oifig chláraithe an chomhlachta.

Ráiteas Comhlíontachta
Tá na ráitis airgeadais eintitis ullmhaithe ar bhonn ghnóthais reatha agus de réir GAAP na hÉireann (chaighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Comhairle Tuairiscithe Airgeadais na Ríochta Aontaithe agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus in Acht na gCuideachtaí 2014). Comhlíonann na ráitis airgeadais eintitis le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, *An Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe* (FRS 102) agus Acht na gCuideachtaí 2014.

Bonn ullmhúcháin
Ullmhaítear na ráitis airgeadais eintitis faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil agus san fhormáid a bhíonn ceadaithe ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Chun ráitis airgeadais a ullmhú le go gcomhlíonfaidh siad FRS 102, ní mór príomh-bhoinn tuisceana áirithe faoin todhchaí a úsáid, chomh maith le príomh-fhoinsí neamhchinnteachta meastóireachta eile ag deireadh na bliana airgeadais. Ceanglaíonn sé ar na stiúrthóirí freisin a mbreithiúnas a úsáid agus iad ag cur beartais chuntasaíochta an chomhlachta i bhfeidhm. Nochtar i nóta 23 na réimsí lena mbaineann méid níos airde breithiúnais nó réimsí ina gcruthaíonn boinn tuisceana agus meastacháin baol suntasach ó thaobh coigeartú ábhartha ar mhéideanna carraeireachta na sócmhainní agus na ndliteanas laistigh den chéad bhliain airgeadais eile.

Gnóthas Leantach
Freastalaíonn an comhlacht ar a riachtanais chaipitil oibre ó lá go lá trína shaoráidí bainc agus sreabhaidh airgid. Tá neamhchinnteacht ann mar thoradh ar choinníollacha eacnamaíochta. Léiríonn réamhaisnéisí agus teilgin an chomhlachta, agus aird ar athruithe a d'fhéadfadh teacht, go réasúnach, ar fheidhmíocht trádála, gur cheart go mbeadh an comhlacht in ann oibriú laistigh de mhéid a saoráidí reatha. I ndiaidh dóibh fiosrúcháin a dhéanamh, tá ionchas réasúnta ag na stiúrthóirí go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an gcomhlacht leanúint ar aghaidh i mbun gnó chomh fada agus is léir dúinn amach anseo. Glacann an comhlacht le bonn an ghnóthais leantaigh is na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Sochair d'fhostaithe
Cuireann an comhlacht raon sochar ar fáil do na fostaithe, ina measc socruithe saoire le pá agus sochair iarfhostaíochta (i bhfoirm sochair shainithe agus pleananna pinsin ranníocaíochtaí sainithe).

(i) Sochair ghearrthéarmacha
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear saoire le pá agus sochair neamh-airgid eile chomhchosúla, mar chostas sa tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís.

(ii) Pleananna pinsin ranníocaíochta sainithe
Feidhmíonn an comhlacht plean ranníocaíochta sainithe d'fhostaithe áirithe. Is éard atá i bplean ranníocaíochtaí sainithe ná plean pinsin faoina n-íocann an comhlacht ranníocaíochtaí socraithe isteach in eintiteas ar leithligh. Níl oibleagáid dhlíthiúil ná inchiallaithe ar an gcomhlacht ranníocaíochtaí breise a dhéanamh ná íocaíochtaí sochair díreacha a dhéanamh le fostaithe sa chás nach bhfuil go leor airgid sa chiste chun na sochair fostaithe a bhaineann le seirbhís fostaithe sa tréimhse reatha agus i dtréimhsí roimhe sin a íoc. Coinnítear sócmhainní an phlean ar leithligh ó chuid an chomhlachta i gciste a riartar go neamhspleách. Aithnítear na ranníocaíochtaí chuig an bplean mar chostas an tráth a bhíonn siad dlite le híoc. Áirítear méideanna gan íoc i bhfabhruithe ar an gclár comhardaithe.

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA - ar lean

Sochair d'Fhostaithe - ar lean

(iii) Plean pinsin sochair shainithe

Feidhmíonn an comhlacht plean phinsin sochair sainithe d'fhostaithe áirithe agus tá sé dúnta do chomhaltaí nua anois. Tugtar sainmhíniú trí phlean sochair sainithe ar an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí an tráth a dtéann sé/sí ar scor, ag brath, de ghnáth, ar roinnt fachtóirí mar aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is sochar iar-fhostaíochta é plean sochair sainithe nach plean ranníocaíochtaí sainithe é.

Is é an dliteanas a aithnítear ar an gclár comhardaithe i ndáil leis an bplean sochair shainithe ná luach láithreach na hoibleagáide sochair sainithe ag deireadh gach bliain airgeadais lúide luach cóir shócmhainní an phlean amhail an dáta sin.

Déanann achtúire seachtrach an oibleagáid shochair shainithe a ríomh gach bliain trí úsáid a bhaint as an modh creidmheasa aonaid fortheilgthe. Ríomhtar luach reatha na hoibleagáide sochair sainithe trí lascainiú a dhéanamh ar eis-sreabhadh airgid measta don am atá ag teacht ag úsáid torthaí margaidh ar bhannaí corparáide ardcháilíochta a ainmnítear in Euro agus lena mbaineann téarmaí a thagann le tréimhse mheasta na n-íocaíochtaí amach anseo (‘ráta lascaine’).

Tomhaistear luach cóir na sócmhainní plean as a bhfuil na hoibleagáidí le socrú de réir beartas cuntasaíochta an chomhlachta do shócmhainní airgeadais. Is é seo an praghas luaite i margadh gníomhach maidir le formhór na sócmhainní plean. Sa chás nach bhfuil praghsanna luaite ar fáil, baintear úsáid as teicnící luachála chun an luach cóir a mheas.

Tá costas an phlean phinsin sochair sainithe, a aithnítear sa chuntas brabúis agus caillteanais, ach amháin sa chás go n-áirítear é faoi chostas sócmhainne, comhdhéanta de:
(a) méadú ar ghlandliteanas sochair sainithe ag eascairt as seirbhís an fhostaí i rith na bliana airgeadais; agus
(b) costas plean a thabhairt isteach, athruithe ar shochair, ciorruithe agus socruithe.

Ríomhtar an glanchostas úis ar an nglandliteanas sochair sainithe tríd an nglandliteanas sochair sainithe a iolrú faoin ráta lascaine (an dá cheann acu sin mar a ríomhtar iad ag tús na bliana airgeadais, ag cur san áireamh aon athruithe sa ghlandliteanas sochair sainithe i rith na bliana airgeadais mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochair). Aithnítear an glanchostas úis seo sa chuntas brabúis agus caillteanais mar ‘chostas airgeadais’ agus cuirtear i láthair é mar chuid de ‘ús iníoctha agus muirir chomhchosúla’.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as coigeartuithe ceannaithe agus athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha in ioncam cuimsitheach eile. Cuirtear na méideanna sin, in éineacht leis an toradh ar shócmhainní an phlean lúide an t-ioncam úis ar shócmhainní an phlean a áirítear sa ghlanchostas úis, i láthair mar ‘atomhas ar ghlandliteanas sochair sainithe’ in ioncam cuimsitheach eile.

Airgeadra coigríche

(i) Airgeadra chur i láthair agus feidhmeach

Is é an Euro, a ainmnítear leis an gcomhartha “€”, airgeadra chur i láthair feidhmeach agus an chomhlachta.

(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Déantar idirbhearta in airgeadra eachtrach a aistriú isteach san airgeadra feidhmeach ag úsáid na spotrátaí malairte amhail dátaí na n-idirbheart.

Aistrítear míreanna airgid in airgeadra eachtrach a aistriú chuig € ag úsáid an ráta reatha ag deireadh gach tréimhse. Aistrítear míreanna nach airgead iad, a thomhaistear ag an gcostas stairiúil, ag úsáid an ráta malairte ag dáta an idirbhirt agus tomhaistear míreanna nach airgead iad, a thomhaistear ag luach cóir, ag úsáid an ráta malairte amhail an dáta a cinneadh an luach cóir.

Sa ráiteas ioncaim a aithnítear gnóthachain agus caillteanais um malairt eachtrach a tharlaíonn de bharr idirbhearta a shocrú agus de bharr rátaí malairte sócmhainní agus dliteanais airgeadais a ainmnítear in airgeadraí eachtracha ag deireadh tréimhse a aistriú.

Is sa ráiteas ioncaim, laistigh de 'ús iníoctha/infhaighte', a chuirtear gnóthachain agus caillteanais um malairt eachtrach a bhaineann le iasachtaí agus airgead agus coibhéisí airgid i láthair. Is sa ráiteas ioncaim laistigh de 'costais riaracháin' a chuirtear gach gnóthachan agus caillteanas eile um malairt eachtrach i láthair.

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA - ar lean

Dáileacháin ar scairshealbhóirí cothromais
Is sna ráitis airgeadais a aithnítear díbhinní ar scaireanna cothromais nuair a bhíonn siad ceadaithe nó údaraithe go cuí ag na scairshealbhóirí agus nuair nach bhfuil siad faoi rogha an chomhlachta níos mó. Aithnítear na díbhinní eatramhacha a dhearbhaíonn na stiúrthóirí tráth a ndearbhaithe.

Aithnítear díbhinní agus dáileacháin eile ar scairshealbhóirí an chomhlachta mar dhliteanas sa ráitis airgeadais sa tréimhse ina gceadaíonn scairshealbhóirí an chomhlachta na díbhinní agus na dáileacháin eile. Aithnítear na méideanna sin sa ráiteas ar athruithe ar chothromas.

Cáin Ioncaim
Tá costas cháin ioncaim don tréimhse comhdhéanta den cháin reatha agus iarchurtha a aithnítear sa tréimhse tuairiscithe. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim, ach amháin an méid a bhaineann sí le míreanna a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile nó go díreach i gcothromas. Sa chás seo, aithnítear cáin in ioncam cuimsitheach eile nó go díreach i gcothromas faoi seach.

Ní dhéantar lascaine ar shócmhainní cánacha reatha ná iarchurtha.

(i) Cáin reatha
Is ionann cáin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha i ndáil leis an mbrabús inchánach do bhliain, nó do bhlianta roimhe sin. Ríomhtar cáin ar bhonn rátaí cánach agus dlíthe atá achtaithe nó achtaithe go substainteach faoi dheireadh na tréimhse. Déanann an bhainistíocht measúnú tréimhsiúil ar an seasamh a thógtar i dtuairisceáin chánach maidir le cásanna ina mbíonn an rialáil chánach infheidhme faoi réir ag léirmhíniú. Bunaítear soláthar nuair is cuí ar bhonn na méideanna atáthar ag súil a íocfar leis na húdaráis chánach.

(ii) Cáin iarchurtha
Eascraíonn cáin iarchurtha as difríochtaí uainiúcháin, is é sin, difríochtaí idir brabúis inchánach agus an t-ioncam cuimsitheach iomlán mar a luaitear sna ráitis airgeadais iad. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin seo as ioncam agus costais a chur san áireamh i measúnuithe cánach i dtréimhsí nach iad na tréimhsí ina n-aithnítear iad i ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar gach difríocht uainiúcháin amhail an dáta tuairiscithe ach amháin i ndáil le heisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go n-aisghabhálfar iad in aghaidh chúlú dliteanas cánach iarchurtha nó brabúis inchánach eile sa todhchaí.

Tomhaistear cáin iarchurtha ag úsáid rátaí cánach agus dlíthe atá achtaithe nó achtaithe go substainteach faoi dheireadh na tréimhse agus a bhfuiltear ag súil a mbeidh feidhm leo maidir le cúlú na difríochta uainiúcháin.

Sócmhainní seasta inláimhsithe
Iompraítear sócmhainní seasta inláimsithe agus déantar iad a thaifead ag costas lúide dímheas carnaithe agus caillteanais lagaithe fabhruithe. Áirítear ar chostas táillí dlíthiúla, dleacht stampála agus cánacha ceannaigh neamh-in-aisíoctha eile, chomh maith le haon chostas is inchurtha go díreach leis an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus aon choinníoll is gá le go mbeidh sí in ann feidhmiú sa tslí a bhí ar intinn ag an mbainistíocht, lena n-áirítear costais chun an láthair a ullmhú, seachadadh agus láimhseáil, suiteáil agus cur le chéile agus feidhmiúlacht a thástáil.

Gearrtar dímheas ar bhonn na líne dírí ag rátaí a ríomhtar chun costas gach aon sócmhainn a dhíscríobh, lúide luach iarmharach measta, thar thréimhse a saolré eacnamaíoch fhónta mar seo a leanas:-

Talamh agus Foirgnimh	50 bliain
Innealra	5 bliain
Fearais agus Troscán	10 bliain
Mótarfheithiclí	5 bliain

Ní dhímheastar talamh ruílse.

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA - ar lean

Scaireanna staileanna agus stoc póraithe
Cuirtear infheistíochtaí láir agus staile ar teachtadh an ghraí san áireamh i sócmhainní dochta ar a luach lúide dímheas carntha faoi réir ag aon soláthar le haghaidh laghdú buan ar luach. Tosaíonn dímheas ar staileanna agus ar scaireanna staileanna sa bhliain ina mbíonn an chéad chlúdach agus tá sé beartaithe an costas a dhíscríobh mar seo a leanas:

Bliain 1 to 3	20% i ngach bliain
Bliain 4 to 7	10% i ngach bliain

Faoi réir go ndíscríobhtar ina iomlán na staileanna roimh dheireadh a seachtú bliain sa ghraí.

Tosaíonn dímheas láracha síolraíochta sa bhliain tar éis an chéad chlúdaigh. Tá sé beartaithe na láracha síolraíochta ar fad a dhímheas go hiomlán ar bhonn na líne dírí ina iomláine roimh dheireadh a ndódhéagú bliain saoil ag tógáil ionchais saoil agus torthúlachta agus inmharthanacht tráchtála san áireamh.

Airgead tirim agus coibhéisí airgid
Áirítear ar airgead tirim agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí atá á sealbhú le bainc agus infheistíochtaí an-leachtacha, gearrthéarmacha eile lena mbaineann aibíochtaí bunaidh trí mhí nó níos lú. Léirítear ró-tharraingtí bainc in iasachtaí i ndliteanais reatha. Tomhaistear airgead tirim agus coibhéisí airgid ag praghas an idirbhirt ar dtús agus ansin tomhaistear iad ag costas amúchta.

Ní hionann taiscí bainc a bhfuil aibíochtaí bunaidh níos mó ná trí mhí acu agus airgead ná coibhéisí airgid agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainne reatha.

Stoic
Luaitear stoic atá comhdhéanta de sholáthróirí feirme agus stoc fólaíochta ag an gcostas is ísle de chostas agus praghas measta díolacháin lúide costais maidir le tabhairt chun críche agus díol.

Tá costas comhdhéanta de phraghas ar sonrasc soláthróirí arna cinneadh ar bhonn isteach i dtosach amach i dtosach.

Déantar measúnú le haghaidh lagaithe ar stoic ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe. Sá chás go mbíonn lagú ar mhír stoic, laghdaítear an stoc aitheanta go dtí a phraghas díolacháin lúide costas maidir le tabhairt chun críche agus díol agus aithnítear muirear lagaithe sa ráiteas ioncaim. Sa chás go n-aithnítear cúlú ar an lagú, cúlaítear an muirear laige, suas go dtí an caillteanas laige bunaidh agus aithnítear é mar chreidmheas sa ráiteas ioncaim.

Táille ainmniúcháin
Is sa stoc folaíochta a áirítear an costas nó glanluach inréadaithe táillí ainmniúcháin maidir le láracha le searrach acu. Beidh an táille ainmniúcháin inchurtha ina leith i mbliain breithe searraigh úsáidte chun praghas costais stoic an tsearraigh a bhunú. Nuair a cheannaítear láir le searrach, úsáidtear an táille ainmniúcháin fógartha chun costas an tsearraigh a bhunú.

Cuntais na sindeacáití
Déanann an comhlacht bainistiú ar roinnt sindeacáití staile dá mbailíonn agus dá ndáileann sé táillí. Ní dhéileáiltear leis na hairgid sin sna ráitis airgeadais a mhéid a bhaineann siad le tríú páirtí.

Deontais chaipitil
Léirítear deontais chaipitil a fuarthas mar ioncam iarchurtha agus cuirtear chun sochair iad sa ráiteas ioncaim thar tréimhse a bhíonn comhionann le saol úsáideach réamh-mheasta na mbunsócmhainní le cabhair deontais.

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA - ar lean

Aitheantas ioncaim
Láimhdeachas
Tá láimhdeachas an chomhlachta comhdhéanta de na díolacháin folaíochta, eallaigh, táirgí agus seirbhísí eile ar fad lena n-áirítear turasóireacht agus miondíol agus ioncam rásaíochta chomh maith le cion brabúis na graí as sindeacáit staile a bhfuil sí ina ball de.

Tomhaistear láimhdeachas ag luach cóir na comaoine a fuarthas nó atá le fáil agus léiríonn an méid atá infhaighte d'earraí a sholáthraítear nó do sheirbhísí a thugtar.

Aitheantas ar ioncam ó shindeacáit staile
Déantar dáiltí shindeacáit staile, ó shindeacáití seachas iad siúd atá á mbainistiú ag Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta, a chuntasú sa bhliain ina bhfaightear iad. Aithnítear ioncam ó shindeacáit staile, atá luaite glan ar lascaine agus ar chostais dhíreacha, nuair atá an tseirbhís curtha i gcrích. Sa chás go n-eascraíonn ioncam ó shindeacáit faoi réir ag coinníollacha áirithe á gcomhlíonadh ag dáta amach anseo, déantar soláthar do na coinníollacha sin má mheastar nach gcomhlíonfar iad.

Ioncam ó ús
Déantar ioncam úis a chur i láthair mar 'ús infhála agus ioncam comhchosúil' sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Lagú sócmhainní neamhairgeadais
Ar dháta deiridh na bliana airgeadais déantar sócmhainní neamhairgeadais nach n-iompraítear ag luach cóir a mheas lena chinneadh cibé an bhfuil an tsócmhainn (nó aonad ginte airgid na sócmhainne) lagaithe. Má léirítear a leithéid déantar meastachán ar shuim in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad-ginte airgid na sócmhainne).

Is ionann suim in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad ginte airgid) a luach cóir lena díol lúide costais nó a luach úsáide cibé acu is airde. Is ionann luach úsáide is an luach reatha sreabhadh airgid sa todhchaí a bhfuiltear ag súil leis ó úsáid leanúnach na sócmhainne (nó aonad ginte airgid) agus óna dhiúscairt ar deireadh. D'fhonn luach úsáide a thomhas déantar sreabhadh airgid roimh cháin agus sreabhadh airgid úis a lascainiú ag baint úsáide as ráta lascaine roimh cháin atá ionadaíoch ar ráta reatha margaidh saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn agus nach bhfuil leasú déanta ar na meastacháin sreabhadh airgid sa todhchaí ina leith.

Má tá suim in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid ginte airgid) níos lú ná suim ghlanluacha na sócmhainne (nó an aonaid ginte airgid) laghdaítear an tsuim charraeireachta go dtí an tsuim in-aisghabhála. Aithnítear an caillteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais mura bhfuil athluacháil déanta ar an tsócmhainn. Má tá athluacháil déanta ar an tsócmhainn déantar an caillteanas lagaithe a aithint in ioncam cuimsitheach eile oiread na ngnóthachain athluachála a fabhraítear i gcothromas i ndáil eis an tsócmhainn sin. Aithnítear aon farasbarr ina dhiaidh sin sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Má dhéantar cúlú ar chaillteanas lagaithe (ní bhaineann na cúiseanna a bhí leis an gcaillteanas lagaithe a thuilleadh) ardaítear suim charraeireachta na sócmhainne (nó an aonaid ginte airgid) go dtí an meastachán athbhreithnithe ar shuim in-aisghabhála na sócmhainne. Ní dhéantar sin ach amháin sa chás nach bhfuil an tsuim charraeireachta athbhreithnithe níos airde ná an tsuim charraeireachta a bheadh i gceist (glan ar dhímheas) mura mbeadh aon chaillteanas lagaithe aitheanta i mblianta airgeadais roimhe seo. Déantar cúlú ar lagú a aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais mura ndéantar an tsócmhainn a iompar ag an luach athluacháilte.

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA - ar lean

Ionstraimí airgeadais
Shocraigh an comhlacht glacadh le Cuid 11 agus 12 de FRS 102 maidir leis na ráitis airgeadais.

(i) Sócmhainní airgeadais
Aithnítear bunsócmhainní airgeadais, lena n-áirítear suimeanna trádála agus infhaighte, iarmhéideanna bainc agus airgid agus infheistíochtaí i bpáipéar tráchtála, ag praghas an idirbhirt ar dtús mura bhfuil idirbheart airgeadais i gceist ina ndéantar an t-idirbheart a thomhas ar luach fháltais na todhchaí le lascaine ag ráta úis an mhargaidh.

Déantar sócmhainní den chineál sin a iompar ina dhiaidh sin ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh ráta éifeachtach úis.

Ag deireadh gach bliana tuairiscithe déantar measúnú ar shócmhainní airgeadais a thomhaistear ag costas amúchta maidir le fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá sócmhainn lagaithe is ionann an caillteanas lagaithe agus an difear idir a suim charraeireachta agus luach reatha an tsreafa airgid mheasta lascainithe ag bunráta éifeachtach úis na sócmhainne. Aithnítear an caillteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Má bhíonn laghdú ar an gcaillteanas lagaithe mar thoradh ar imeacht a tharlaíonn i ndiaidh an lagú a aithint déantar an lagú a chúlú. Is ionann an cúlú is gan an tsuim charraeireachta reatha a bheith níos mó ná an tsuim charraeireachta a bheadh i gceist murach gur aithníodh an lagú roimhe sin. Aithnítear an cúlú ar chaillteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

(ii) Dliteanais airgeadais
Aithnítear bundliteanais airgeadais, lena n-áirítear suimeanna trádála agus iníoctha eile agus iasachtaí bainc, ag praghas an idirbhirt ar dtús mura bhfuil idirbheart airgeadais i gceist sa socrú ina ndéantar an t-ionstraim fiachais a thomhas ar luach fháltais na todhchaí le lascaine ag ráta úis an mhargaidh.

Déantar ionstraimí fiachais den chineál sin a iompar ina dhiaidh sin ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh ráta éifeachtach úis.

Aithnítear táillí a íoctar chun saoráidí iasachta a bhunú mar chostais idirbhirt an iasachta sa mhéid is gur dóigh go dtarraingeofar anuas an tsaoráid iomlán nó cuid de. Sa chás sin, déantar an táille a chur ar athló go dtí go ndéantar an tsaoráid a tharraingt anuas. Sa mhéid is nach bhfuil aon fhianaise ann gur dóigh go ndéanfar an iasacht a tharraingt anuas ina iomláine nó cuid de déantar an táille a chaipitliú mar réamhíocaíocht ar sheirbhísí leachtachta agus é a amúchadh thar thréimhse na saoráide lena mbaineann.

Is ionann suimeanna iníoctha trádála agus oibleagáidí íoc ar earraí agus ar sheirbhísí atá tapaithe ó sholáthróirí i ngnáthchúrsa an ghnó. Rangaítear cuntais iníoctha mar dhliteanais reatha má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. Mura bhfuil, léirítear iad mar dhliteanais neamh-reatha. Aithnítear suimeanna trádála ar dtús ag praghas an idirbhirt agus ina dhiaidh sin déantar é a thomhas ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh ráta éifeachtach úis.

Dí-aithnítear dliteanais airgeadais nuair a dhéantar an dliteanas a chur ar ceal, is é sin nuair a urscaoiltear an oibleagáid conartha, nuair a chuirtear ar ceal í nó nuair a imíonn sí in éag.

Frithváireamh
Déantar sócmhainní airgeadais agus dliteanais a fhrithváireamh agus na glan-suimeanna a chur i láthair sna ráitis airgeadais nuair atá ceart infheidhmithe le dlí ann na méideanna aitheanta a fhrithváireamh agus an rún ann glanmhéid a ghlanadh nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a ghlanadh ag an am céanna.

Scairchaipiteal arna léiriú mar chothromas
Aithnítear scairchaipiteal eisithe mar fháltais a fuarthas. Léirítear costais incriminteacha a bhaineann go díreach le gnáthscaireanna nua nó céadroghanna a eisiúint i gcothromas mar asbhaint, glan ar cháin, as na fáltais.

CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS
Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2016

	Nótaí	2016 €	2015 €
Láimhdeachas	2	10,585,450	8,646,280
Caiteachas riaracháin		(6,587,622)	(6,040,534)
Brabús oibriúcháin		3,997,828	2,605,746
Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla	3	(87,818)	(106,880)
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil	3	22	179
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	4	3,910,032	2,499,045
Cáin ar bhrabús i leith gnáthghníomhaíochtaí	6	7,039	(15,214)
Brabús don bhliain airgeadais		3,917,071	2,483,831

RÁITEAS MAIDIR LE hIONCAM CUIMSITHEACH
Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016 €	2015 €
Brabús don bhliain airgeadais		3,917,071	2,483,831
Ioncam cuimsitheach eile:			
Atomhas ar ghlan-dhliteanas sochair sainithe	20	(397,000)	112,000
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain glan ar cháin		-	-
Iomlán an Ioncaim Chuimsithigh don bhliain airgeadais		3,520,071	2,595,831

CLÁR COMHARDAITHE
Amhail an 31 Nollaig 2016

	Nótaí	2016 €	2015 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	7	9,964,893	9,946,215
Scaireanna stailleanna agus stoc póraithe	8	2,041,200	2,232,973
		12,006,093	12,179,188
Sócmhainní Reatha			
Stoic	9	1,683,627	995,059
Féichiúnaithe	10	4,854,380	5,549,170
Airgead sa bhanc agus ar láimh		4,904,707	989,303
		11,442,714	7,533,532
Creidiúnaithe - Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	11	(2,268,264)	(2,419,512)
Glan-sócmhainní reatha		9,174,450	5,114,020
Iomlán sócmhainní lúide dliteanais reatha		21,180,543	17,293,208
Creidiúnaithe - méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	12	(2,051,155)	(2,040,891)
Soláthar i leith na hoibleagáide sochair iarfhostaíochta	20	(890,000)	(533,000)
Glan-sócmhainní		18,239,388	14,719,317
Caipiteal agus Cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite arna léiriú mar chothromas	14	13,768,724	13,768,724
Cuntas brabúis agus caillteanais		4,470,664	950,593
Cothromas iomlán		18,239,388	14,719,317

Cheadaigh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus síníodh iad thar ceann an Bhoird ag:

Matt Dempsey
Stiúrthóir

John Mc Stay
Rúnaí an Chomhlachta

Sean Brady
Stiúrthóir

RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE AR CHOTHROMAS
Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2016

	Nótaí	Scairchaipiteal Glaoite €	Brabús agus caillteanas €	Iomlán €
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015		13,768,724	(1,645,238)	12,123,486
Brabús don bhliain airgeadais		-	2,483,831	2,483,831
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain:				
Atomhas ar ghlan-dhliteanas pinsin sainithe		-	112,000	112,000
Iomlán an Ioncaim Chuimsithigh don bhliain:		-	2,595,831	2,595,831
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015		13,768,724	950,593	14,719,317
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2016		13,768,724	950,593	14,719,317
Brabús don bhliain airgeadais		-	3,917,071	3,917,071
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain:				
Atomhas ar ghlan-dhliteanas pinsin sainithe		-	(397,000)	(397,000)
Iomlán an Ioncaim Chuimsithigh don bhliain:		-	3,520,071	3,520,071
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2016		13,768,724	4,470,664	18,239,388

RÁITEAS MAIDIR LE SREABHADH AIRGID
Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2016

	Nótaí	2016 €	2015 €
Airgead tirim ó oibriúcháin	16	4,826,396	2,322,246
Cánachas (faighte/íoctha)		7,039	(15,214)
Glan-airgead tirim a gineadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		4,833,435	2,307,032
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun scaireanna staileanna agus stoc póraithe a cheannach		(389,863)	(1,690,052)
Fáltais ó dhíol scaireanna staileanna agus stoc póraithe		39,361	16,395
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach		(511,737)	(622,436)
Fáltais ó dhíolachán sócmhainní seasta inláimhsithe		5,014	32,620
Ús faighte		22	179
Glan-airgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí airgeadais		(857,203)	(2,263,294)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais			
Iasachtaí ón bhanc a íocadh ar ais		-	(437,511)
Ús a íocadh		(60,828)	(78,449)
Glan-airgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí airgeadais		(60,828)	(515,960)
Glan (Méadú)/ laghdú in airgead tirim sa bhanc agus in airgead ar láimh		3,915,404	(472,222)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana		989,303	1,461,525
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		4,904,707	989,303
Tá airgead tirim agus coibhéisí airgid comhdhéanta de:			
Airgead sa bhanc agus ar láimh		4,904,707	989,303
Taiscí gearrthéarmacha (a áirítear in infheistíochtaí reatha sócmhainní)		-	-
Airgead tirim agus coibhéisí airgid		4,904,707	989,303

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

1 Gnóthas Leantach

Tá brabús tar éis cánach €3,917,071 ag an gcomhlacht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 (2015: brabús €2,483,831). Áirítear ar an mbrabús don bhliain muirear dímheasa €993,225 (2015: €712,001), bhí brabús roimh dhímheas €4,910,296 ag an gcomhlacht (2015: €3,195,832). Tá athbhreithniú déanta ag na stiúrthóirí ar theilgin an chomhlachta ó thaobh sreabhadh airgid agus a shaoráidí bainc don chéad 12 mhí eile. Breithníonn na stiúrthóirí go bhfuil bunús an ghnóthais leantaigh oiriúnach de bharr bunús láidir sócmhainne an chomhlachta agus ábaltacht an chomhlachta an sreabhadh airgid a bhainistiú agus ceadú leanúnach an scairshealbhóra d'iasachtaí leantacha. Ní áirítear sna ráitis airgeadais aon choigeartuithe ar an tsuim ghlanluacha ná rangú sócmhainní agus na ndliteanas a thiocfadh chun cinn mura mbeadh an comhlacht in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

2 Láimhdeachas

	2016 €	2015 €
Anailís de réir gníomhaíochta		
Graí agus feirm	9,372,491	7,576,972
Turasóireacht	1,212,959	1,069,308
	10,585,450	8,646,280

I bPoblacht na hÉireann a rinneadh an láimhdeachas ar fad a thuilleamh.

3 Glan-chaiteachas ar ús

	2016 €	2015 €
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil		
Ús bainc faighte	22	179
Ús ar thaiscí gearrthéarmacha	-	-
Iomlán an ioncaim ó ús ar shócmhainní airgeadais nach dtomhaistear ag a luach cóir i mbrabús agus caillteanas	22	179
Iomlán ús infhaighte agus ioncam chomhchosúil	22	179
Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla		
Ús iníoctha ar rótharraingtí agus iasachtaí bainc	(98)	(94)
Ús iníoctha ar iasachtaí eile	(59,334)	(76,101)
Muirir eile bainc	(15,989)	(15,431)
Ús ar léas airgeadais	(1,397)	(2,254)
An caiteachais iomlán úis ar dhliteanais airgeadais nach tomhaistear ag a luach cóir i mbrabús agus caillteanas	(76,818)	(93,880)
Glan-chaiteachas úis ar shochair iarfhostaíochta	(11,000)	(13,000)
Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla	(87,818)	(106,880)
Ús caipitlithe	-	-
Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla	(87,818)	(106,880)
Glan-úschostais		
Ús infhaighte agus ioncam dá shamhail	22	179
Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla	(87,818)	(106,880)
Glan-úschostais	(87,796)	(106,701)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

4 Caiteachas oibriúcháin

	2016 €	2015 €
Aithnítear na caiteachas /(ioncam) oibriúcháin seo a leanas:		
Gnóthachain/(caillteanais) coigríche	290	835
Amúchadh deontais	(10,000)	(10,000)
Caillteanas i leith lagú - féichiúnaithe trádála	406,224	207,771
Brabús ar shócmhainní a dhiúscairt	(9,207)	(24,912)
Dímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe	993,225	712,048
Luach saothair an Iniúchóra	25,645	21,000

5 Fostaithe agus stiúrthóirí

	2016 Líon	2015 Líon
Fostaithe Ba é an meánlíon daoine a bhí fostaithe ag an gcomhlacht le linn na bliana airgeadais ná:		
Lán-aimseartha	43	35
Séasúrach (comhionann lán-aimseartha)	10	14
	53	49

	2016 €	2015 €
Tá costais foirne comhdhéanta de:		
Pá agus tuarastail	2,012,932	1,919,634
Costais árachais shóisialta	213,654	204,235
Costais eile foirne	4,050	3,452
Costais eile i leith sochair scoir	7,000	7,000
Costais scéimeanna pinsin rannaocaíochta sainithe	81,404	78,732
Costais foirne	2,319,040	2,213,053
Stiúrthóirí		
Luach saothair	59,850	66,754
Sochair faoi scéimeanna dreasachta fadtéarmacha	-	-
Ranníocaíochta i scéimeanna sochair scoir:		
- Scéim sochair shainithe	-	-
- Scéim ranníocaíochta sainithe	-	-
	-	-
Cúiteamh i leith oifig a chailleadh a d'íoc an comhlacht agus íocaíochtaí foircinn eile	-	-

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

5 Fostaithe agus stiúrthóirí - ar lean

Cúiteamh don phríomhbhainistíocht
Áirítear ar an bpríomhbhainistíocht na stiúrthóirí agus an Príomhfheidhmeannach. Léirítear thíos an cúiteamh a íocadh nó atá iníoctha leis an bpríomhbhainistíocht i leith seirbhísí fostaithe.

	2016 €	2015 €
An Príomhfheidhmeannach:		
Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile	166,669	166,669
Sochair iarfhostaíochta	24,000	24,000
Cúiteamh iomlán leis an bpríomhbhainistíocht	190,669	190,669

6 Cáin ioncaim

	2016 €	2015 €
Costas cánach á áirítear i mbrabús agus caillteanas		
Cáin reatha:		
Cáin chorparáide na hÉireann ar bhrabús don bhliain airgeadais	-	15,214
Ró-sholáthar i ndáil leis an mbliain roimhe	(7,039)	-
Costas reatha cánach don bhliain airgeadais	(7,039)	15,214

Costais cánach a réiteach
Tá an cháin arna measúnú don bhliain airgeadais níos lú (2015: níos lú) ná an gnáthráta cánach corparáide 12.5% (2015: 12.5%) i bPoblacht na hÉireann don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2016. 12.5% Tá na difríochtaí mínithe thíos:

	2016 €	2015 €
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	3,910,032	2,499,045
Cáin ag an ráta caighdeánach 12.5% (2015: 12.5%)	488,754	312,381
Tionchair de:		
Gan caiteachas a bheith inasbhainte chun críocha cánach	18,873	57,419
Cáin gearrtha ar ioncam ag ráta níos airde	1,565	-
Dímheas de bhreis ar liúntais chaipitil	45,790	1,614
Caillteanais cánach a úsáideadh	(340,379)	(341,159)
Difríochtaí ama eile	(221,642)	(15,041)
Cáin ar bhrabús i leith gnáthghníomhaíochtaí	(7,039)	15,214

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

7 Sócmhainní seasta inláimhsithe	Talamh agus foirgnimh	Innealra agus troscán	Mótar fheithiclí	Iomlán
	€	€	€	€
Costas				
Ar an 1 Eanáir 2015	12,246,002	4,861,480	310,217	17,417,699
Suimeanna Breise	-	456,557	165,879	622,436
Diúscairtí	-	(2,952)	(22,500)	(25,452)
Amhail an 31 Nollaig 2015	12,246,002	5,315,085	453,596	18,014,683
Amhail an 1 Eanáir 2016	12,246,002	5,315,085	453,596	18,014,683
Suimeanna Breise	-	480,763	30,974	511,737
Diúscairtí	-	(677)	(82,892)	(83,569)
Amhail an 31 Nollaig 2016	12,246,002	5,795,171	401,678	18,442,851
Dímheas				
Amhail an 1 Eanáir 2015	3,401,566	3,975,799	212,873	7,590,238
Muirear don bhliain	150,405	291,604	59,312	501,321
Diúscairtí	-	(590)	(22,500)	(23,090)
Amhail an 31 Nollaig 2015	3,551,971	4,266,813	249,685	8,068,469
Amhail an 1 Eanáir 2016	3,551,971	4,266,813	249,685	8,068,469
Muirear don bhliain	150,405	276,605	65,507	492,517
Diúscairtí	-	(135)	(82,892)	(83,027)
Amhail an 31 Nollaig 2016	3,702,376	4,543,283	232,300	8,477,959
Suim charraeireachta				
Amhail an 31 Nollaig 2016	8,543,626	1,251,888	169,378	9,964,893
Amhail an 31 Nollaig 2015	8,694,031	1,048,272	203,911	9,946,215
Amhail an 31 Nollaig 2014	8,844,436	885,681	97,344	9,827,461

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

8 Scaireanna staileanna agus stoc póraithe

	2016 €	2015 €
Costas		
Amhail an 1 Eanáir	7,169,242	5,505,684
Suimeanna Breise	556,868	1,753,832
Diúscairtí	(464,166)	(90,275)
Amhail an 31 Nollaig	7,261,944	7,169,242
Dímheas		
Amhail an 1 Eanáir	4,936,269	4,752,085
Muirear don bhliain	500,707	210,680
A bhaineann le diúscairtí	(216,232)	(26,496)
Muirear lagaithe	-	-
Amhail an 31 Nollaig	5,220,744	4,936,269
Suim charraeireachta		
Amhail an 31 Nollaig	2,041,200	2,232,973

9 Stoic

	2016 €	2015 €
Stoic fola	1,563,599	888,438
Tomhaltáin	120,028	106,621
	1,683,627	995,059

Ní sháraíonn costas athsholáthair na bhfardal go hábhartha méideanna atá sa ráiteas maidir le staid airgeadais.

10 Féichiúnaithe - méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

	2016 €	2015 €
Féichiúnaithe trádála	3,919,973	3,972,347
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	926,587	1,576,281
CBL	7,820	542
Cáin shiarchoinneálach	-	-
	4,854,380	5,549,170

Luaitear féichiúnaithe trádála i ndiaidh soláthar €1.0 m do lagú (2015: €2.5m) (féach nóta 23 don bhunús a bhí leis an soláthar a chinneadh).

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

11 Creidiúnaithe - méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain

	2016	2015
	€	€
Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe	1,750,903	1,903,803
ÍMAT/ÁSPC	65,080	72,245
Ioncam Iarchurtha (féach nóta 15)	10,000	10,000
Cáin shiarchoinneálach	3,694	5,488
Iasacht bainc (Nóta 12)	438,587	427,976
	2,268,264	2,419,512

Tá creidiúnaithe trádála agus eile iníoctha ar dhátaí éagsúla sna trí mhí atá ag teacht de réir ghnáththéarmaí creidmheasa soláthraithe.

Tá cáin agus árachas sóisialta inaisíoctha ar dhátaí éagsúla sna míonna atá ag teacht de réir na bhforálacha reachtúla atá infheidhme.

12 Creidiúnaithe - méideanna a bheidh dlite tar éis bliana nó níos faide

	2016	2015
	€	€
Iasacht bainc	2,056,847	1,995,972
Lúide: méid iníoctha laistigh de bhliain amháin (Nóta 11)	(438,587)	(427,976)
Ioncam Iarchurtha (féach nóta 15)	222,895	232,895
Creidiúnaithe Eile	210,000	240,000
	2,051,155	2,040,891
Aibíocht Iasachta Bainc		
I mbliain amháin nó níos lú, nó de réir éilimh	438,587	427,976
I níos mó ná bliain amháin, ach tráth nach faide ná dhá bliain	181,414	181,414
I níos mó ná dhá bliain, ach tráth nach faide ná cúig bliana	544,242	544,242
I mbreis is cúig bliana	892,604	842,340
	2,056,847	1,995,972

Bhain iasacht amháin le Strawhall a cheannach in 2004. Ba é téarma bunaidh na hiasachta ná 25 bliain. Tógadh iasacht chaipitil oibre amach in 2010 ar feadh tréimhse 5 bliana. Tá an dá iasacht ceadaithe ag na ranna rialtais ábhartha. Tá ráta úis seasta 2.82% ar an iasacht 25 bliain agus ráta úis athraitheach ar an an iasacht 5 bliana a bhí ag 3.595% ag deireadh an bliana. Aisíocadh an t-iasacht seo i mí Eanáir 2017.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

13 Ionstraimí Airgeadais

Tá na hionstraimí airgeadais seo a leanas ag an gcomhlacht:

	Nótaí	2016 €	2016 €	2015 €	2015 €
Sócmhainní airgeadais ar ionstraimí fiachais iad arna dtomhas ag a luach amúchta					
Féichiúnaithe trádála	10	3,919,973		3,972,347	
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	10	926,587		1,576,281	
Cáin shiarchoinneálach	10	-		-	
CBL	10	7,820		542	
			4,854,380		5,549,170
Airgead sa bhanc agus ar láimh			4,904,707		989,303
Dliteanais airgeadais tomhaiste ag a gcostas amúchta					
Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe	11	1,815,871		1,976,048	
Cáin shiarchoinneálach		-		5,488	
CBL	11	3,694		-	
Iasacht bainc	12	2,056,857		1,995,972	
			3,876,421		3,977,508

Níl aon sócmhainní airgeadais ná dliteanais airgeadais tomhaiste ag a luach cóir tríd brabús nó caillteanas

14 Scairchaipiteal agus Cúlchistí

	2016 €	2015 €
Gnáthscaireanna €1.27 an ceann		
Údaraithe:		
30,000,000 scair (2015: 30,000,000 scair)	38,100,000	38,100,000
Cionroinnte agus íoctha go hiomlán - arna léiriú mar ghnáthscair		
10,841,516 scair (2015: 10,841,516 scair)	13,768,724	13,768,724

Aicme aonair gnáthscaire atá ann. Níl aon srian ar dhíbhinní a dháileadh ná ar aisíocaíocht caipitil. Tá cearta vótála comhionanna ag dul le gach scair agus cáilíonn i leith díbhinní a mhéid is atá iomlán gach scair íoctha amach.

Tugtar cuntas thíos ar gach cúlchiste laistigh de chothromas:

Cuntas brabúis agus caillteanais
Is ionann an cuntas brabúis agus caillteanais is ioncam cuimsitheach a fabhraíodh don bhliain airgeadais agus blianta airgeadais roimhe seo.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

15 Deontais chaipitil

	2016 €	2015 €
Amhail an 1 Eanáir	242,895	252,895
Amúchadh	(10,000)	(10,000)
Amhail an 31 Nollaig	232,895	242,895

16 Nóta leis an ráiteas maidir le sreabhadh airgid

	2016 €	2015 €
Brabús don bhliain airgeadais	3,917,071	2,483,831
Cáin ar bhrabús i leith gnáthghníomhaíochtaí	(7,039)	15,214
Glan-úschostais	87,796	91,270
Brabús oibriúcháin	3,997,828	2,590,315
Amúchadh ar dheontais	10,000	10,000
Brabús ar dhiúscairt	(9,207)	(24,912)
Dímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe	993,225	712,048
Sochar iarfhostaíochta lúide íocaíochtaí	(35,000)	(37,000)
Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre:		
- (Méadú) ar fhardail	(688,753)	(175,274)
- Méadú/(laghdú) ar fhéichiúnaithe	720,274	(1,769,068)
- Méadú/(laghdú) ar shuimeanna iníoctha	(161,971)	1,016,137
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	4,826,396	2,322,246

17 Imeachtaí ó dheireadh na bliana airgeadais

Ní raibh aon imeachtaí suntasacha ann ó dheireadh na bliana

18 Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara

Is é beartas an chomhlachta na stiúrthóirí agus iad siúd a bhaineann leo a spreagadh chun trádála, sa ghnáthbhealach gnó, leis an gcomhlacht agus leis na sindeacáití staile a bhainistíonn an comhlacht. I rith na bliana cheannaigh na stiúrthóirí agus na páirtithe a bhain leis na stiúrthóirí, seirbhísí coinneála ag luach an mhargaidh ag luach iomlán €17,230 (2015: €6,564). Thuill an Comhlacht ioncam €5,880,333 (2015:€4,475,468) ó shindeacáití a bhfuil leasanna ag an gcomhlacht, ag stiúrthóirí áirithe agus ag an rúnaí an chomhlachta iontu. Is 4% an leas atá ag rúnaí an chomhlachta i sindeacáití dá leithéid.

Cheannaigh an comhlacht seirbhísí gairmiúla in 2016 a raibh luach €9,840 (CBL san áireamh) ó chomhlacht a bhfuil baint aige leis an rúnaí (2015: €12,300).

19 Tiomantais

Tiomantais chaipitil
Níor cuireadh aon chaiteachas caipitil a raibh conarthaí ina leith ag dáta an ráitis maidir le staid airgeadais san áireamh sna ráitis airgeadais (2015: €nialas).

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

20 Sochair iar-fhostaíochta

Feidhmíonn an comhlacht scéim phinsin shochair shainithe agus coimeádtar na sócmhainní i gciste pinsin a riartar go haonair. Déantar soláthar do shochair shainithe sa scéim ar bhonn tuarastail scoir chomhaltaí. Cinneann achtúire cáilithe na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla ag baint úsáide as an modh aonaid theilgthe. Dúnadh an scéim d'iontrálaithe nua ar 1 Márta 2012.

Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil is deireanaí do chríocha maoinithe amhail an 30 Meán Fómhair 2014 agus tá sí ar fáil lena hiniúchadh ag comhaltaí na scéime ach ní d'iniúchadh poiblí.

	2016 €'000	2015 €'000
Mar seo a leanas an méid a aithnítear sa chlár comhardaithe:		
Luach reatha na ndliteanas maoinithe	(4,387)	(3,945)
Luach cóir shócmhainní an phlean	3,497	3,412
Dliteanais i leith sochair iar-fhostaíochta	(890)	(533)
Mar seo a leanas an méid a aithnítear sa chuntas brabúis agus caillteanais:		
Scéim sochair shainithe		
- Costas seirbhíse reatha	7	7
- Glan-úschostais	11	13
Costas iomlán	18	20

	2016 €'000	2015 €'000
Mar a leanas a bhí an toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean:		
Ioncam ó ús	75	65
Toradh ar shócmhainní an phlean lúide ioncam ó ús	33	59
Toradh iarbhír ar shócmhainní plean	108	124

Leagtar amach thíos na príomhbhoinn tuisceana a d'úsáid an t-achtúire cáilithe neamhspleách chun na dliteanais a ríomh faoi FRS 102 :

	2016	2015
Ráta ionchais d'ardú in íocaíochtaí pinsin	1.30%	1.15%
Ráta ardú tuarastail ionchais	n/b	n/b
Ráta lascaine	1.70%	2.20%
Ráta boilscithe	1.70%	1.50%

Tá bonn tuisceana básmhaireachta 2016 bunaithe ar staidéar ar rátaí agus ar threochtaí go dtiocfaidh feabhas ar rátaí básmhaireachta amach anseo arna n-ullmhú ag Cumann Achtúirí na hÉireann.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

20 Sochair iar-fhostaíochta - ar lean

	2016	2015
Fadsaolaí ag aois 65 i gcás pinsinéirí reatha		
- Fir	21.1	20.9
- Mná	23.6	23.5
Fadsaolaí ag aois 65 i gcás pinsinéirí amach anseo		
- Fir	23.6	23.5
- Mná	25.7	25.6

	Plean sócmhainní	Oibleagáid Sochair Shainithe	Iomlán
	€	€	€
Amhail an 1 Eanáir 2015	3,566	(4,248)	(682)
Sochair íoctha	(335)	335	-
Ranníocaíochtaí fostóra	57	-	57
Costas seirbhíse reatha	-	(7)	(7)
Ioncam/(costais) ó ús	65	(78)	(13)
Gnóthachain/(caillteanais) atomhaiste:			
Gnóthachain achtúireacha	-	53	53
Aischur ar shócmhainní an phlean gan ús san áireamh	59	-	59
Amhail an 31 Nollaig 2015	3,412	(3,945)	(533)
Amhail an 1 Eanáir 2016	3,412	(3,945)	(533)
Sochair íoctha	(81)	81	-
Ranníocaíochtaí fostóra	58	-	58
Costas seirbhíse reatha	-	(7)	(7)
Ioncam/(costais) ó ús	75	(86)	(11)
Gnóthachain/(caillteanais) atomhaiste:			
Caillteanais achtúireacha	-	(430)	(430)
Aischur ar shócmhainní an phlean gan ús san áireamh	33	-	33
Amhail an 31 Nollaig 2016	3,497	(4,387)	(890)

	2016 €'000	2015 €'000
Ba é an luach cóir ar an bplean sócmhainní:		
Ionstraimí cothromais	1,014	948
Straitéisí dearbhthoraidh	1,707	1,705
Ús seasta	591	154
Airgead tirim	14	564
Maoin	171	41
	3,497	3,412

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

21 Dliteanais theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ann an 31 Nollaig 2016

22 Máthairchomhlacht deiridh agus rialaithe

Tá úinéireacht thairbhiúil an scairchaipitil eisithe go léir dílsithe don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

23 Breithiúnais chuntasaíochta chriticiúla agus neamhchinnteacht meastachán

Ní mór meastacháin chuntasaíochta chriticiúla áirithe a úsáid d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú. Ceanglaíonn sé ar mbainistíocht freisin a mbreithiúnas a úsáid agus iad ag cur beartais chuntasaíochta an chomhlachta i bhfeidhm. Is iad na réimse a mbíonn ardbhreithiúnas nó ardchastacht i gceist nó réimse a mbíonn boinn tuisceana agus meastacháin tábhachtach i leith na ráiteas airgeadais ná:

(i) Saolré eacnamaíoch fhónta na sócmhainní inláimhsithe

Tá an muirear dímheasa bliantúil i leith sócmhainní seasta inláimhsithe íogaireach i dtaobh athruithe ar shaolré eacnamaíoch fhónta measta agus luach iarmharach na sócmhainní. Déantar athmheasúnú ar a saolré eacnamaíoch fhónta agus a luach iarmharach gach bliain. Déantar iad a leasú nuair is gá de réir mheastacháin reatha, bunaithe ar infheistíochtaí amach anseo, úsáid eacnamaíoch agus bail fhisiceach na sócmhainní. Féach nóta 7 agus 8 maidir le suim ghlanluacha na sócmhainní seasta inláimhsithe agus an rannóg beartas cuntasaíochta maidir le saolré eacnamaíoch fhónta gach aicme sócmhainne seasta inláimhsithe.

(ii) Lagú stoic

Breithníonn an comhlacht an féidir costas an stoic a inaisghabháil agus an lagú bainteach a bheadh de dhíth. Nuair a bhítear lagú stoic á ríomh breithníonn an bhainistíocht nádúr agus bail an stoic chomh maith le boinn tuisceana maidir le indíoltacht ionchais a chur i bhfeidhm. Féach nóta 9 maidir le suim ghlanluacha an stoic

(iii) Lagú ar Fhéichiúnaithe

Déanann an comhlacht meastachán ar luach inaisghabhála féichiúnaithe trádála agus eile. Nuair a bhíonn lagú ar fhéichiúnaithe trádála agus eile á mheas breithníonn an bhainistíocht fachtóirí lena n-áirítear rátáil chreidmheasa reatha an fhéichiúnaí, próifíl aois na bhféichiúnaithe agus taithí go dtí seo. Déantar soláthar in aghaidh féichiúnaithe a bhfuil amhras fúthu. Ní dhéantar drochfhiacha a dhíscríobh nó gur léir nach féidir iad a aisghabháil. Téann an bhainistíocht sa tóir ar na féichiúnaithe ar fad a áirítear sa soláthar féichiúnaithe agus tugann cothrom le dáta ar bhonn leanúnach a dtuairim maidir le hiarmhéideanna a aisghabháil. Féach nóta 10 maidir le suim ghlanluacha na bhféichiúnaithe agus an soláthar bainteach lagaithe.

(iv) Scéim pinsin Shochair Shainithe

Tá oibleagáid ar an gcomhlacht sochair pinsin a íoc le fostaithe áirithe. Tá costas na sochar sin agus luach reatha na hoibleagáid ag brath ar roinnt fachtóirí lena n-áirítear: ionchas saoil, ardú pá, luachálacha sócmhainne agus an ráta lascaine ar bhannaí corparáide Déanann an bhainistíocht na fachtóirí sin a mheas chun an ghlan-oibleagáid pinsin a chinneadh sa ráiteas maidir le staid airgeadais. Tá na boinn tuisceana ag teacht le taithí stairiúla agus treochtaí reatha. Féach nóta 20 maidir le nochtuithe a bhaineann leis an scéim pinsin shochair shainithe.

24 Na ráitis airgeadais a cheadú

Cheadaigh Bord na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 22 Márta 2017.